

**Leabhrán**

**Don**

**Bheáltriail**

**2014/ 2015**

## Leagan Amach an Scrúdu

- 240 marc = 40%
- Scrúdú comónta ag an Árd agus Gnáthleibheál
- Beidh an scrúdú idir an 23-27 Aibreán
- Mairfidh an scrúdu 15 noimeád
- Ní bheidh aon sos ó mhír go mír

Ceithre chuid sa bheáltriall anois:

### 1. Fáiltiú

5 mharc (Mairfidh sé 1 noimeád i.e. Conas atá tú? Cad is ainm duit? Cad é do scrúduimhir? srl). Beidh 5 mhír eolais ann do 5 mharc.

### 2. Leámh na filíochta

35 mharc (Mairfidh sé 2 noimeád)  
Roghnóidh an scrúdaitheoir an dán  
*\*Ní bheidh aon am ullmhúchan ann*

-Géibheann ar fad

-Colscaradh ar fad

-Mo Ghrá-sa idir luibíní (3 veársa ar bith)

-An t-Earrach Thiar (2 veársa as a chéile)

-An Spailpín Fánach (2 veársa as a chéile)

**\* NB ach gach veársa le bheith ullamh nó reidh**

### 3. Sraith Pictúir

80 marc

Mairfidh sé thart ar 4 noimeád)

Beidh na marcanna roinnte mar seo: 50 don Chumas Chumarsáide, 20 marc don Chumas Teanga agus 10 marc dona ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Tá 20 cinn le hullmhú. Beidh ceann amháin ar an lá a roghnóidh an scrúdaitheoir. Táthar ag súil le caint agus idirgníomhaíocht. Beidh plé ar an bpictúir.

Deánfar an cur síos ar an srath ar dtús agus ansin beidh 3 ceist ón iarrathóir (tusa) agus 3 ceist ón scrúdaitheoir.

Glacfar le cur síos san Aimsir Láithreach nó Chaite, 1 nó 3 peárta i.e. mé/ Seán/Síle.

\*Beidh tamall ullmhuchán 30 soicind roimh an srath.

#### 4. **Comhrá**

Beidh 120 marc do seo, na marcanna is mó.  
Mairfidh sé idir 6-8 nóimeád.

Beidh caint ghinearálta bunaithe ar topaicí ar nós Mé Féin, Mo Chlann, Mo Chairde, Mo Scoil srl, Plean don Samhradh, Teicneolaíocht srl. Arís táthar ag súil le idirgníomhaíocht ann.

Beidh sé roinnte idir 75 (stór) agus 45 (cumas).

Cleachtadh a dheánann máistreacht!

## **Cuid 1 : Fáilitú**

- Beidh 5 marc ar fail= 5 mhír eolais
- Ainm, Aois, Seoladh Baile, Dáta Bréithe agus Scrúduimhir

### **Dia dhuit/Dia is Muire dhuit. Conas atá tú?**

Tá mé go maith go raibh maith agat ach tá mé beagainín neibhíseach ar ndóigh. Ach deirtear liom go bhfuil sin nadúrtha.

Ní gearánta dom buíochas le Dia.

Tá mé thar cionn, slán a bheas tú.

Is mise \_\_\_\_\_ agus is é 54301 mo scrúdú uimhir.

Bail ó Dhia ort. Agus an bhail cheánna ort féin.

Tá mé i mo chónaí i \_\_\_\_\_ i gCo. na Mí/ Co. an Chabháin.

Rugadh mé ar an \_\_\_\_\_ lá de mhí \_\_\_\_\_, míle naoi gcead nócha is a dó/trí/ceathair/cúig. Mar sin, táim sé bhliana deág/seacht mbliana deág/ocht mbliana deág d'aois.

Is duine gealgháireach mé. Is maith liom ag imirt spóirt/feáchaint ar an teilifís. Mar is eol duit, tá mé ag deánamh m'Ardeistiméireacht i mbliana.

### **An féidir leat d'ainm a shiniú ansin le do thoil?**

Cinnté is féidir. Sin é.

Suí síos ansin.

Go raibh maith agat.

## **Cuid 2 : Leámh na Filíochta**

35 mharc (Mairfidh sé 2 noimeád)

Roghnóidh an scrúdaitheoir an dán

*\*Ní bheidh aon am ullmhúchan ann*

-Géibheann ar fad

-Colscaradh ar fad

-Mo Ghrá-sa idir luibíní (3 veársa ar bith)

-An t-Earrach Thiar (2 veársa as a chéile)

-An Spailpín Fánach (2 veársa as a chéile)

**\* NB ach gach veársa le bheith ullamh nó reidh**

- Ba chóir go mbeadh an rithim agus an fhóghraíocht i gceart.
- Deán ullmhuchán tríd a bheith ag éisteacht le duine éigin eile ag aitris na dánta ar dlúthdhiosca/mpc/i-pod.
- Léigh teideal an dáin agus ainm an fhile go mall ar dtús.
- Tóg do chuid ama ag leámh an dáin.
- Léigh an dán le croí agus le brí.
- Léirigh go dtuigeann tú brí an dáin agus tú á leámh.
- Ní chuirfear aon cheist ort maidir le focal ar leith/ míniú a thabhairt srl.
- Go n-éirí an t-ádh leat!

## **Cuid 3: Sraith Pictúir**

*\*Feách ar na notaí breise ar na sraith- cleachtadh a dheánann máistreacht!!*

## **Cuid 4: Comhrá ar na topaicí**

### **Áit chónaithe**

#### ***Cá bhfuil tú i do chonaí?/ Cá bhfuil cónaí ort?***

Táim i mo chonaí \_\_\_\_\_ míle taobh amuigh de bhaile darbh ainm \_\_\_\_\_, i gceantar darbh ainm \_\_\_\_\_. Is áit deas ciúin é agus taitníonn sé go mór liom mar tá sé suaimhneach. Ar an lámh eile, tá go leor daoine óga ina gconaí ann agus mar sin, níl ceal cuideachta orm.

Tá roinnt áiseanna in aice láimhe i mbaile na hUaimhe. Tá pictiúrlann, leabharlann agus cúpla teach tabhairne ann. Ina theannta sin, ta go leor siopaí agus dhá ollmhargadh ann.

Tá an bhaile é fhein ag fás an t-am ar fad agus tá roinnt eastát títhíochta timpeall na háite freisin.

Is breá liom m'áit cónaithe mar táim i mo chonaí faoin tuath agus bíonn sé suaimhneach ach ag an am ceánna, tá an t-uafás aiseanna le fáil sa bhaile mór. Níl mórán fadhbanna sóisialta ann nó deacracht le cúrsaí tráchta srl.

#### ***Inis dom faoi do theach.***

Is breá liom mo theach. Tá mé i mo chonaí i dteach scoite/ leathscoite/ in eastát títhíochta. Thíos staighre tá halla, seomra bia, cistin agus seomra teilifíse. Thuas staighre tá seomra folctha agus ceithre seomra codlata. Tá mo sheomra fhéin agam agus is maith liom sin. Is seomra mór é agus deánaim m'obair bhaile ansin gach oíche. Tá dáth bán ar na ballaí agus tá postaer orthu freisin.

Tá gairdín mhór ar chúl an tí ach caithfidh mé a adhmháil nach bhfuil aon suim agamsa sa gharraíodóireacht! Is é m'athair /mo mháthair a dheánann an obair ar fad.

#### ***Cé a dhéanann obair an tí?***

É sin ráite, deánann gach duine iarracht le hobair an tí. Coimeádam mo sheomra glan agus usáidim an folúsghlantóir ó am go ham! Is fuath liom ag cócaireacht, deánann mo deirfiúr/mháthair/ deartháir é sin. I mbliana toisc go mbím ag staideár, ní bhíonn orm an méid sin obair tí a dheánamh- tá buntáiste amháin leis an Árdtéist!

*Ar an iomlán, is breá liom m'áit chónaithe. Mar a deir an seanfhocal:*

*'Níl aon tinteán mar do thinteán féin'*

### ***An bhfuil aon fadhbanna sóisialta i do cheantar?***

Níl go leor fadhbanna sóisialta i mo cheantar ach tá fadhb na drugaí mar shámpla. Níl an fhadhb seo suite sna cathracha amháin, cé go gceapann roinnt daoine é sin. Is gá go ndéanfadh an rialtas rud éigin chun an fhadhb seo a réiteach láithreach.

Freisin, tá **an iomarca** daoine óga ag ól alcóil faoin aois. Ba cheart na cartáí aitheantais a chur i bhfeidhm i gceart i mo thuairim. Caithfidh na gardaí agus an rialtas a bheith **níos déine faoin dlí** seo.

Dar ndóigh, sna laethanta ina mairimid tá fadhb na dífhostaíochta chomh maith. Chaill go leor daoine a bpost de bharr an cúlú eacnamaíochta agus ansin tá sé deacair orthu morgaistí a aisíoc agus clann a riar.

### ***Inis dom faoi do chlann/ An bhfuil aon deartháir nó deirfiúr agat?***

Tá dearthair/ deirfiur amháin agam.

Tá beirt dearthair/ deirfiur agam.

Tá triúr dearthair/ deirfiur agam.

Tá ceathrar dearthair/deirfiur agam.

\_\_\_\_\_ is ainm **di/ dó**.

\_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ is ainm **dóibh**.

Tá sé/ sí \_\_\_\_\_ bliain /bhliain d'aois.

Tá sé/sí sa bhunscoil i rang a \_\_\_\_\_.

Tá sé/sí sa mheánscoil sa \_\_\_\_\_ bliain.

Tá sé / sí ag obair i siopa/ in oifig/ mar mhúinteoir.

Tá sé/sí ar an gcoláiste ag deánamh staideár ar \_\_\_\_\_. Is breá leis/léi saol na hollscoile!

Is maith leis/ léi ag imirt peile/ag éisteacht le ceol/ ag breathnú ar an teilifís.

Níl aon dearthair nó deirfiur agam. Is paiste aonair mé. Bíonn sé uaigneach ó am go ham ach tá mé i **dtaithe air** ag an bpointe seo!

### ***An réitíonn sibh go maith le chéile nó an mbíonn sibh ag troid lena chéile?***

Réitim go maith leis/ léi / leo ach bíonn muid ag troid ó am go ham mar gheall ar cláracha téilifíse, eadaí srl. Is fuath liom clúichí peile agus is breá le mo dheartháir iad! *Ach tá sin nádurtha agus ag deireadh an lae 'Ar scath a chéile a mhairimid!'*

## **An scoil**

### ***Inis dom faoi do scoil. Cén saghas scoil í seo?***

Táim ag freastal ar an scoil seo. Is scoil bheag measctha atá ann. Is maith liom an scoil measctha mar cheapaim go bhfuil sé níos sláintiúla agus nádurtha nuair atá na cailíní agus buachaillí le chéile.

Is scoil álainn atá ann agus tá **iliomad** áiseanna ann mar shámpla páirc imeartha, cúirt cispheile agus páirc peile. Freisin, tá roinnt áiseanna acadúla mar shámpla halla mór agus seomra ríomhaireachta. Tá thart ar cúig chead dalta sa scoil agus daichead múinteoirí. Tá easpa spáis gan aon dabht agus tá go leor seomraí reámhdeánta taobh amuigh den scoil chomh maith. Ach tá síneadh agus foirgneamh nua geallta agus le cúnamh Dé tiocfaidh sé go luath!

Cé go bhfuil na múinteoirí dian, bíonn siad ag obair go dian diacheallach agus tá atmaisfear maith idir na daltaí agus na múinteoirí sa scoil. Cabhraíonn siad linn agus bíonn siad sásta cabhrú linn má tá fadhb ar bith againn. Is múinteoirí óga iad a formhór agus ceapaim go ndéanann sé seo difríocht. Tá tuiscint acu ar shaol an deágora.

### ***Céard iad na rialacha atá sa scoil?***

Tá go leor rialacha sa scoil mar shámpla níl cead drochmheas a thaispeáint agus caithfidh tú d'obair bhaile a dheánamh i gconaí. Muna leanann tú na rialacha, faigheann tú nóta i do dhialann scoile nó caithfidh tú dul chun labhairt leis an bpríomhoide. Ar ndóigh, níl cead tabac a chaitheamh nó alcóil a ól freisin. Tá rialacha tábhachtach mar cabhraíonn siad le hord agus eagar a choinneáil ar gach rud. Caitheann gach duine éide scoile agus caithfidh sé a bheith neáta i gconaí.

### ***Inis dom faoin Éide Scoile***

Caithim léine \_\_\_\_\_, geansaí \_\_\_\_\_ agus sciorta/ bríste \_\_\_\_\_. Ní maith liom an éide scoile. Tá sé seanfhaiseanta agus míchompordach. Ach é sin ráite, tá sé practiciúil agus ní bhíonn orm rogha a dheánamh gach maidin. Cuireann éide scoile stop le hiomaíocht idir na daltaí, dar liom.

### ***Conas a thagann tú ar scoil?***

Tagaim ar scoil ar an mbus scoile.

Tagaim ar scoil sa charr. Siúlaim ar scoil mar chónaim in aice na scoile.

## ***Abhair Scoile- Ceárd iad na habhair a dheánann tú don Ardtéist?***

Deánaim seacht n-ábhar don Ardtéist. Deánaim gach ábhar ar Ardleibheál seachas an \_\_\_\_\_.

Deánaim Gaeilge, Beárta, Mata, Fraincís agus...

Fisic

Bitheolaíocht

Ceimic

Tíreolas/eolaíocht

Stair

Eacnamaíocht

Staidear Gnó

Gearmainís

Dearadh teicniciúil

Ealaín

Eacnamaíocht Bhaile

Mata Fheidhmeach

Innealtóireacht

Staideár tógála

GCAT (Gairmchlár na hArdtéiste)

## ***Ceárd é an t-ábhar is fearr leat?***

Is é \_\_\_\_\_ an t-ábhar is fearr liom. Tá sé suimiúil agus tá an múinteoir an-chabhrach. Tá na ranganna taitneamhach agus deánann an múinteoir sár-iarracht gach rud a mhiniú dúinn i gceart. Tá an múinteoir spreagúil agus tá fíor-shuim agam ann.

## ***An bhfuil aon ábhar nach maith leat ar scoil?***

Tá an gráin agam ar \_\_\_\_\_. Tá sé deacair agus casta agus tá an mhúinteoir ró-dhian. Tugann sé/ sí an iomarca obair bhaile agus níl aon suim agam san ábhar.

Tá sé an-deacair i mbliana leis an mbrú ón Ardtéist, bíonn orm staideár a dheánamh ó mhaidin go hoíche agus tá go leor brú orm na pointí cuí a fháil san Ardtéist chun mo rogha chúrsa a dheánamh san ollscoil. I mo thuairim, bheadh an measúnú leanúnach níos fearr mar chóras agus ní bheadh an brú ceánna ar na daltaí. Cinnte, bheadh deacrachtaí len é a chur i bhfeidhm ach bheadh sé níos fearr ná an córas reatha. Gan dabht, tá lochtanna ar an gcóras oideachais.

Mar a dúirt mé cheana, tá lochtanna ar an gcóras oideachais ach caithfimid dul i ngleic leis mar atá sé anois is dócha. Ní bheadh aon athrú ann de bharr easpa airgid agus ciorruithe sa chóras. Anois, tá gearradh siar i ngach áit-ranganna níos mó agus níos lú múinteoirí chomh maith.

## **Ar choir go mbeadh an Ghaeilge éigeantach mar ábhar scoile, dar leat?**

Is dóigh liom go mba choir go mbeadh sí éigeantach mar is cuid dár gcultúr í agus tá sé an-tábhachtach í a fhoghlaim. Is cuid dár n-oidhreacht í chomh maith.

Ní dóigh liom go mba choir go mbeadh sí éigeantach. Cuireann sé brú ar gach duine í a fhoghlaim agus níl suim ag go leor daoine innti.

## ***Caitheamh aimsire- Céard iad na caitheamh aimsire atá agat?***

Tá réimse mhór caitheamh aimsire agam mar shámpla:

Ag imirt spórt

Ag breathnú ar an teilifís

Ag éisteacht le ceol

Ag leámh

### ***Leámh***

Is é an chaitheamh aimsire is fearr liom ná a bheith liom ag leámh. Is aoibhinn liom gach saghas de leabhair ach is é \_\_\_\_\_ mo rogha scríbhneoir. Scríobhann sé/sí leabhair uafáis /grá / grinn. Nuair a bhíonn noiméad le sparáil agam, níl aon rud níos fearr liom na leabhar a leámh.

**Ceapaim go bhfuil sé tabhachtach do dhaoine óga leabhair a leámh chun an aigne a leathnadh agus an samhlaíocht a chothú.** Léigh mé leabhar le deánaí scríofa ag \_\_\_\_\_. Bhí sé suite i \_\_\_\_\_ agus bhí an plota fíor-shuimiúil.

### **Ceol**

Is maith liom gach saghas de ceol- ceol tradisiúnta, snagcheol, raccheol ach is fearr liom popcheol. Is iad \_\_\_\_\_ mo rogha grúpa ceol agus is é

\_\_\_\_\_ mo rogha amhránaí. Ceannaím dluthdíoscaí go minic ach de ghnáth íoslódálaim ceol ón idirlíon ar mo i-pod. Tá sé an-éasca anois ceol a cheannach ó I-Tunes. Is maith liom ag éisteacht le ceol mar tugann sé sos dom ó bhrú na scoile. Éistim leis sula dtéim a chodladh chomh maith, cabhraíonn sé liom dul a luí.

Chomh maith le sin, seinim an pianó

gíotar

feadóóg stáin

Bíonn mé ag cleachtadh gach lá den tseachtain agus táim i ngrúpa ceoil ina theannta sin. Is cuid mhór í an cheol do shaol an deágoira sa lá atá inniu ann. Chuaigh mé go ceolchoirm \_\_\_\_\_ anuraidh le mo chairead. Chosain an ticeád ochtó euro ach fuair mé é mar bhronntanas do mo bhreithlá ó mo chlann! Thaitin sé go mór liom agus bhí an t-atmaisfeár leictreach!

## **Spórt**

Is aoibhinn liom spórt agus bíonn mé ag imirt peile/ sacair/ rugbaí/ gailf. Bíonn mé ag imirt/traenáil dhá uair in aghaidh na seachtaine. Is breá liom an spórt mar choimeádann sé aclaí mé agus tugann sé faoiseamh dom ó bhrú na scoile. Freisin, bíonn sé go maith a bheith páirteach sa chlub le daoine eile agus tá go leor cairde nua agam anois dá bharr. Imrim le mo chlub sa bhaile agus leis an scoil freisin. Bhí an t-adh le foireann na scoile i mbliana agus bhí an bua again sa chraobh! Bhí rí-meád orainn agus ar ár traenálaí, an t-Uasal Mac Gabhann!

Imrím peil/sacair le foireann an Chontae chomh maith. Is onóir mhór í seo ach bíonn sé deacair i mbliana mar tá go leor treenail i gceist.

Tá sé tabhachtach cleachtadh coirp a dheánamh sa lá atá inniú ann. Tá an iomarca deágoirí atá ró-leisciúil agus níl sé go maith don sláinte. Tá fadhb na hothráchta i measc na n-óg anois agus is uafásach an rud é. Ba choir dóibh níos mo sport a imirt.

## **Teilifís**

Is breá liom an teilifís agus bíonn mé ag breathnú ar an teilifís gach oíche. Is breá liom gach saghas de clár ach is é \_\_\_\_\_ an clár is fearr liom. Tá sé greannmhar agus is é \_\_\_\_\_ an carachtar is fearr liom. Ní fhaighim deis breathnú ar an teilifís ró-mhínic i mbliana toisc go bhfuil na scrúdaithe ag teacht.

Bíonn dea-thioncar agus droch-thioncar ag an teilifís. Tá cláracha oideachasúil agus cláracha cursaí reatha ann mar shampla 'Primetime'. Ach é sin ráite, tá droch-thioncar ag an teilifís mar tá sé i gach teach in Éirinn anois. Ní bhíonn daoine ag caint mar bíonn siad ag feáchaint ar an teilifís. Níl sin go maith do chúrsaí chumarsáide. Tá an iomarca foireigean ar an teilifís chomh maith.

## ***An mbíonn tú ag feáchaint ar TG4?***

Ní fhaighim deis breathnú ar TG4 ró-mhínic ach nuair a fhaighim an deis, is é 'PopTv' an clár is fearr liom. Is clár ceoil atá ann agus bíonn gach amhrán nua acu. Tá sé nua-aimseartha agus beomhar. Tá an sobalclár 'Ros na Rún' acu agus dar liomsa, tá sé ar aon chaighdeán le aon sobalclár eile. Freisin, tá an clár 'Aifric' acu anois do dhaoine óga agus tá an clár cosúil le Home and Away dar liom. Is breá liom é!

Ceapaim gur iontach an áis í Tg4. Tugann sé fostaíocht do dhaoine óga a bhfuil Gaeilge acu. Freisin, tugann sé deis do dhaoine Gaeilge a chleachtadh a agus í a fhorbairt.

Ba chóir dúinn uile tacaíocht a thabhairt don seirbhís iontach seo. Is iontach an áis í do mhuintir na Gaeltachta. Is í an Ghaeilge ár teanga náisiúnta agus is seirbhís iontach í TG4 len í a chothú agus a chaomhnú. Bhúnaigh an t-Uachtarán reatha, Micheál O hUiginn é agus rinne sé éacht, dar liom.

**Tá sé an-thábhactach caitheamh aimsire a bheith agat, go háirithe i mbliana leis an mbrú ón Árdtéist. Cabhraíonn sé leis an tsláinte nuair a thogann tú sos ceart ón obair. Ní féidir le haon duine a bheith ag obair ó mhaidin go hoíche. Bíonn brú millteanach ar dhaoine óga sna laethanta seo agus cabhraíonn sé go mór má ghlacann tú sos.**

## ***An samhradh seo chaite agus Laethanta saoire (Tense Q's!!)***

### ***Ceárd a rinne tú an samhradh seo caite?***

#### ***An raibh tú riamh aon áit deas ar do laethanta saoire?***

An samhradh seo chaite, chuaigh mé agus mo chlann chuig an Fhrainc/an Spáinn.

Bhaineamar an taitneamh go deo as agus bhí an aimsir go hálainn, bhí an ghrian ag spalpadh gach lá. Chuamar amch i gcomhair béile gach oíche agus bhí an bia an-bhlasta.

Freisin, chuaigh mé chuig an Ghaeltacht i mí Iuil. Bhí mé i gColaíste \_\_\_\_\_ i gCo. \_\_\_\_\_. Bhí ranganna againn ar maidin agus céilithe san oíche agus chuir mé feabhas ar mo chuid Gaeilge. Chuir mé aithne ar go leor daoine nua agus bhí an chraic go hiontach.

Is oth liom a rá nach ndeachaigh mé chuig an Gaeltacht ariamh. Tá aifeála orm anois mar chuaigh mo chara ann agus dúirt sí go raibh sé go hiontach.

Is maith liom an Ghaeilge agus thug an Gaeltacht deis dom í a chleachtadh.

### ***An samhradh seo chugainn***

#### ***Ceárd a dheánfaidh tú an samhraidh seo chugainn?***

*Deanfaidh* mé na scrúdaithe ar ndóigh! Ansin *rachaidh* mé ar laethanta saoire le mo chlann/ mo chairde. *Rachaimid* go dtí tír te, ar nós an Spáinn nó an Ghréig. *Beidh* an aimsir go hálainn agus *luífidh* mé faoi ngrian. San oíche, *rachaidh* mé amach i gcomhair béile, *beidh* an bia an-bhlasta. *Bainfidh* mé an taitneamh go deo as. *Beidh* sos tuillte agam i ndiadh na scrúdaithe.

Gheobhaidh mé post páirt-aimseartha freisin le cúnamh Dé chun airgead a chur i dtaisce don choláiste, b'fhéidir san ollmhargadh nó siopa áitiúil. Is dócha go mbeidh mé ag freastal ar na custaméirí, ní bheidh an obair ró-dhian agus beidh airgead agam chun dul amach le mo chairde.

### ***An bhliain seo chugainn, an bhfuil suim agat dul chuig an ollscoil?***

Tá mé ag tnúth go mór le dul ar an ollscoil an bhliain seo chugainn, dá bhfaighinn na pointí atá ag teastáil uaim san Ardtéist. Tá mé ag iarraidh dul ar an ollscoil i \_\_\_\_\_ agus staideár a dheánamh ar an \_\_\_\_\_/ Táim ag iarraidh bheith i mo \_\_\_\_\_ mar deirtear liom go bhfuil mé foighneach/ go maith ag an ábhar sin. Tá

\_\_\_\_\_ pointí ag teastáil uaim. Tá súil agam go mbeidh deis agam bheith neámhspleách agus beidh níos mó saoirse agam chomh maith. Tuigim ar ndóigh go mbeidh go leor oibre le deánamh ach beidh an ábhar níos suimiúla. Beidh deis agam conaí le mo chairde, bheadh sin go hiontach! Tá an t-ádh liom go mbeidh an deis agam dul ar an gcoláiste. Nil an deis sin ag go leor daoine óga mar tá na taillí ró-chostasach. Deir an rialtas nach bhfuil aon táillí ann ach tá an costas ardaithe go dhá mhíle dhá chead caoga euro arís i mbliana! Is táille e sin gan dabht ar bith agus tá laghdú sna deontais chomh maith. Is bocht an sceál é!

Cuireann rás na bpointí an iomarca brú ar daoine óga agus níl sé ceart ná cóir i mo thuairim.

Mar a dúirt mé cheana, bheadh *measúnú leanúnach* níos fearr mar chóras. Ba choir don rialtas í a chuir i bhfeidhm.

### ***An deireadh seachtaine / do shaol / gach lá / gach maidin***

#### ***Ceárd a rinne tú an deireadh seachtaine seo caite?***

An deireadh seachtaine **seo caite**, chuaigh mé chuig an picitúrlann le mo chairde.

Chonaiceamar an scannán \_\_\_\_\_. Bhí mé sna trithí ag gáire agus bhain mé an taitneamh go deo as. Freisin, rinne mé roinnt staidéir agus rinne mé go leor ullmhucháin don scrudú béil!

#### ***Ceárd a dheánfaidh tú an deireadh seachtaine seo chugainn?***

An deireadh seachtaine seo **chugainn**, rachaidh mé chuig an picitúrlann le mo chairde.

Breathnóidh muid ar an scannán \_\_\_\_\_. Beidh mé sna trithí ag gáire agus bainfidh mé an taitneamh go deo as. Is aoibhinn liom ag dul chuig an bpictiúrlann mar tugann sé sos dom ó bhrú na scoile.

### ***Gach Lá- Ceárd a dheánann tú gach lá?***

**Eiríonn** mé ag a hocht a chlog gach lá. **Cuireann** mé mo chuid eadaí orm agus ithim mo bhriceasta. De ghnáth **ithim** arán tíortha agus calóga arbhair. **Olaim** cupán tae. **Téim** ar scoil sa charr/ ar an mbus le mo chairde/chlann. **Sroicheann mé** an scoil ag a cearthú chun an naoi. **Bíonn** naoi ranganna againn gach lá agus **maireann** gach rang daichead noimeád.

**Tosaíonn** na ranganna ag a naoi a chlog. **Bíonn** sos beag againn ag a haon deág agus **bíonn** mé ag caint le mo chairde. **Bíonn** an lón againn ag a haon a chlog. **Ithim** ceapaire de ghnáth agus **olaim** cupán tae. **Críochnaíonn** an scoil ag ceathrú chun a ceathar agus **téim** abhaile. **Deanaim** m'obair bhaile agus i mbliana, **tógann** sé trí uair a chloig orm len é a dheánamh. **Bíonn mé** ag tógáil sos chun breathnú ar an teilifís agus **téim** a luí thart ar leathuair tar éis a deich. **Bíonn mé** scriosta tar éis lá fada ar scoil.

### ***Post sealadach- An raibh/bhfuil post páirt-aimseartha agat?***

Bhí post páirt-aimseartha agam an bhliain seo chaite. Bhí mé ag obair san ollmhargadh Dunnes/ i siopa bheag sa bhaile/ i siopa darbh ainm '\_\_\_\_\_':

Bhain mé an-tairbhe as, bhí an tuarastal go maith. Fuair mé ocht euro in aghaidh na huaire agus deich euro ar an Domhnach. Cheannaigh mé go leor eadaí nua agus chuaigh mé chuig an pictiúrlann nó an dioscó le mo chairde. Bhí sé go hiontach m'airgead fhéin a shaothrú mar ní raibh orm aon airgead a fháil ó mo thuistí, bhí mé neamhspleách agus thaitin sin liom. Níl mé ag obair i mbliana mar gheall ar na scrúdaithe agus an méid staidéir atá le deánamh. Bheadh sé ró-dheacair.

Is deacair post a fháil na laethanta seo de bharr cúrsaí eacnamaíochta. Anois bíonn brú ar ár gcuid tuistí airgead a thabhairt dúinn, rud nach bhfuil éasca orthu ach oiread. Le cúnamh Dé, tiocfaidh feabhas ar an sceál luath nó mall.

### ***An Modh Cionníollach- NB***

#### ***Ceárd a dheánfá dá mbeifeá i do Thaoiseach/ Aire Oideachais?***

Ceist deacair é sin! Bheadh orm machnamh a dheánamh air ar ndóigh. Cinnte dheánfainn iarracht feabhas a chur ar an gcóras oideachais, go háirithe córas na bpointí mar tá an iomarca brú ar daoine óga sa lá atá inniú ann, i mo thuairim. Chuirfinn níos mó múinteoirí ar fáil chun cabhrú lena daltaí. Freisin, dheánfainn iarracht feabhas a chur ar an gcorás sláinte mar tá sé ina phráiseach. Ba cheart go mbeadh an cúram cuí ar fáil do gach éinne.

#### ***Ceárd a dheánfá dá mbuafá an Chrannchur Náisiúnta?***

Bheadh sin go hiontach. Cheannóinn teach mór galánta agus carr mór, Ferrari nó Porsche b'fhéidir! Thabharfainn roinnt airgid do mo chlann agus do eagraíochtaí carthanachta ar nós Trócaire nó Gorta mar deánann siad an-obair dona daoine bochta. Ligfinn mo scith dá mbeadh an t-airgead sin agam.

## ***Ceárd a dheánfá dá mbeifeá i do Phríomhoide ar an scoil seo?***

Post deacair a bheadh ann ar ndóigh. Bheadh orm cinneadh deacair a dheánamh. Thabharfainn cead dona daltaí a éadaí féin a chaitheamh agus bheadh leathlá gach Aoine ionas go mbeadh deireadh seachtaine fada ag na daltaí agus na múinteoirí. Rachainn ar turas scoile lena daltaí gach bhliain, b'fheidir go campa eachtraíochta nó chun na Gaeltachta!

## ***Fón Póca- An bhfuil fón póca agat?***

Tá fón póca agam agus usáideann mé é go minic chun glaoch a chur ar mo chairde. Tá sé an-usáideach nuair atá mé deánach, is féidir liom glaoch a chur ar mo thuismitheoirí.

Caitheann mé go leor airgid ar creidmheas agus tá sé ró-chostasach i mo thuairim! Seolann mé teacsteachtarachtaí do mo chairde go minic. Freisin, tá go leor feidhmchláir ar m'fhón mar is fón cliste é! Bíim ag imirt clúichí agus ta fail ar an Idirlíon agus ar Facebook agam. Cabhraíonn sé seo liom fganacht i dteagmháil le mo chairde. Bheinn cailte gan é!

## ***Ríomhairí/ An t-Idirlíon- An usáideann tú an t-idirlíon?***

Tá ré nua tágtha le ré na nua-theicneolaíochta agus níl aon dabht ach gur maith an rud é.

Usáidim fhéin an ríomhaire sa bhaile chun cabhrú liom m'obair bhaile a dheánamh agus chun taighde a dheánamh ar an idirlíon. Tá an suíomh Idirlíon skool.ie, mar shampla an-usáideach dom chun notaí staidéir a fháil. Ar an lámh eile, tá drochrudaí le fail ar an Idirlíon agus usáideann daoine iad chun drochleas a bhaint as rudaí áirithe. Ceannaíonn daoine rudaí thar an Idirlíon ach is féidir le daoine sonraí na cartaí creidmheasa a fháil agus a usáid i ngan fhios don duine.

Usáidim Facebook freisin chun fanacht i dteagmháil le mo chaired. Fágaim teachtaireacht ar a gcuid ballaí agus uaslódálaim grianghraf freisin ó am go ham. Bíonn mé in ann feáchaint ar leathanaigh mo chairde chomh maith. Tá mo leathanach fhéin priobháideach agus ní féidir le héinne ach amháin mo chairde feáchaint air. Tá sé sin níos sabháilte, dar liom. Chun cara a dheánamh ar Facebook, cuireann tú cuireadh chun cairdis chuig an duine agus glacann siad leat. Ach tá sé fíor go mbíonn roinnt bulaíochta/maistíneachta ar Facebook freisin agus tá sé uafasach. Is féidir bac a chur ar dhaoine áfach chun an fhadhb seo a réiteach.

Níl aon teorainn leis an Idirlíon agus is drochrud é sin gan aon dabht. Caithfear a bheith cúramach leis.

### ***Drúgaí- An bhfuil fadhb le drugaí i do cheantar?***

Caithfidh mé a adhmháil go bhfuil fadhb ollmhór sa tír seo le drugaí, drugaí boga agus drugaí crua ar aon. Tá na handúiligh drugaí ag caitheamh an iomarca airgid ar drugaí agus ba cheart na mangairí drugaí a chur i bpriosún go fad-teármach. Is fadhb dairíre í seo agus caithfidh an rialtas rud éigin a dheánamh chun an fhadhb seo a réiteach láithreach. Ní thógaim drugaí mé fhéin mar i mo thuairm, tá siad dainseáarach agus deánann siad an-dochar don sláinte.

### ***Drugaí sa Spórt- An bhfuil fadhb le drugaí sa spórt?***

Tá drugaí ag milleadh an spórt i mo thuairim. Níl aon duine ionraic a thuilleadh agus deánann siad an-dochar do shaol an spóirt. Níl cáil ró-mhaith ag na hEireannaigh maidir le drugaí sa spórt, Michelle Smith mar shámpla. Ní dea-rud í seo agus ba cheart dúinn iarracht a dheánamh an fhadhb seo a réiteach.

### ***Alcól- An bhfuil fadhb leis an óil in Eirinn?***

Níl aon dabht ach go bhfuil an-tionchar ag an alcól ar saol an lae inniú in Eirinn. Bíonn an alcól la fáil i ngach áit agus ag gach ócáid- bainnis, socraid nó fiú Ceád Comaoineach! Ní cheart go mbeadh an ról seo ag an alcól i mo thuairim. Tá i bhfad an iomarca daoine óga ag ól alcól faoin aois agus deánann sé an-dochar dóibh. Ba cheart go mbeadh na cártaí aitheantas cúrtha i bhfeidhm i gceart ag an rialtas. Is cuma lena húinéir dena títhe tabhairne, tá siad buartha faoin brabús a dheánann siad agus ní faoi na daoine óga.

Caithfidh muid ár dearcadh i leith an alcól a athrú sa tír seo, dár liom. Bíonn dearcadh i bhfad níos sláintiúla ag na daoine sa Fhrainc/ sa Spáinn mar shámpla. Olann siad gloine fíona leis an dinneár gach oíche agus ní theánn siad thar fóir leis.

### ***Cíníochas- An bhfuil fadhb leis an gciníochas sa tír seo dar leat/ i do thuairim?***

Eascraíonn an fhadhb seo as aineolas, dár liom. Níl na hEireannaigh i dtaithí ar imircigh agus nílimid ag taispeáint failteachas cheart dona teifigh anois. Deánann an rialtas dearmad go bhfuil na daoine seo ag teitheadh ó

cionníollacha máireachtála uafásacha agus ba cheart dúinn gach cabhair agus cúnamh a thabhairt dóibh. Is fadhb dairíre í an ciníochas sa tír seo i mo thuairim. Tá roinnt acu tar éis filleadh ar ais anois nach bhfuil na poist ar fail dóibh anseo in Éirinn níos mo de bharr an cúlú.

### **An Córas Sláinte- An bhfuil fadhb sa chóras sláinte meas tú?**

Caithfidh mé a adhmháil go bhfuil fadhb dairíre sa tír seo sa chóras sláinte agus go háirithe sa cheantar seo. Tá easpa mór leapacha sna hospidéal in Éirinn agus is mór an trua é, caithfidh an rialtas rud éigin a dheánamh chun an fhadhb seo a réiteach láithreach. Caithfear infheistíocht cheart a dheánamh sa chóras sláinte dar liom. Tá brú as cuimse ar na haltraí agus ar na dochtúirí.

### **Cúlú Eacnamaíochta**

Ní féidir a sheánadh go bhfuil cúlú eacnamaíochta ag tarlú sa tír seo anois faoi láthair. Bhí an Tíogar Ceilteach sa tír seo agus bhí rath le feiceáil i ngach áit. Ach d'ímigh sin agus tháinig seo- tá athrú tagtha ar an tír. Cé air a bhfuil an locht? An Rialtas b'fhéidir ach ní fios go fóill cad a tharlóidh amach anseo. Cuirtear an milleán ar na polaiteoirí go minic ach caithfidh mé a adhmháil nach bhfuil aon suim agam fhéin sa pholaitaíocht, is caimiléirí iad ar fad!

### **Staid na Gaeilge- Cad a cheapann tú faoin nGaeilge?**

Is breá liom an Ghaeilge. Is teanga na tíre í agus ba choir dúinn ar fad iarracht a dheánamh í a chleachtadh chomh minic agus is féidir linn. Anois go bhfuil an Ghaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach tá níos mó Gaeilge le feiceáil sna páipéir agus sna meáin chumarsáide go ginearálta. Is maith an rud é sin gan aon dabht.

- **Topaicí reatha sa nuacht srl**

### **Nathanna Usáideacha!!**

Tá brón orm ach ní thuigim.

Abair sin arís le do thoil.

Tá brón orm ach níl aon suim agam san ábhar sin.

Is fearr liom \_\_\_\_\_.

Dar liom..

Gabh mo leithsceál ach ní thuigim an cheist.

Gan amhras/Gan dabht..

Chun an fhírinne a rá

Ní féidir a sheánadh

Ar an gceád dul síos/ I dtosach

Le deánaí

Faoi láthair/ Sa lá atá inniu ann

Le blianta beaga anuas

Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis.

Pé sceál é..

I mo thuairim..

Dáiríre píre

Creid é nó ná creid..

Pé sceál é..

Is fíor dhuit.

Sin ceist shuimiúil..

Mar a dúirt mé cheana..

Ar ndóigh..

Ní fios cad a tharlóidh sa todhcaí.

Is deacair a rá i ndairíre.

Sin ceist mhaith.

N'fheadar.

Ar aon chaoi..

I ndeireadh an lae/ I ndeireadh na dála

Is iontach an rud é

Is bocht an sceál é

Is mór an scannal é

Ach sin é mo thuairim phearsanta féin..

**Ná dean dearmad:**

**Is maith - I like**

**Ba mhaith - I would like**

**An raibh?- Aimsir Chaite (PAST)**

**An bhfuil- Aimsir Láithreach (PRESENT)**

**An mbeidh- Aimsir Fháistineach (FUTURE)**

**Dá mbeadh- Modh Cionníollach (CONDITIONAL)**

**Lean ort ag caint- sin an rud is tabhachtaí! Ná bí neirbhíseach, tog do chuid ama. Go n-éiri go geal leat!!**